

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile-Uile  
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

**Gairmscoil na bPiarsach  
Ros Muc, Contae na Gaillimhe  
Uimhir rolla: 71380N**

**Dáta na cigireachta: 7 Bealtaine 2015**



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

**A N C H I G I R E A C H T**

## **Meastóireacht Scoile-Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

Rinneadh meastóireacht scoile-uile ar bhainistíocht, cheannaireacht agus foghlaim i mí Bealtaine 2015 i nGairmscoil na bPiarsach. Déantar cur síos sa tuairisc seo ar thátail na meastóireachta agus ar mholtaí a tugadh ar mhaithe le feabhsú na scoile. I rith na meastóireachta, bhuaill an fhoireann chigireachta le bord bainistíochta na scoile, leis an bhfoireann bhainistíochta in-scoile agus le grúpaí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Chomh maith leis seo, bhreathnaigh na cigirí ar raon de cháipéisíocht scoile agus ar na freagraí a tugadh i gceistneoirí agus scrúdaigh siad sonraí eile maidir le feidhmiú na scoile. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh cigireacht ar raon de cheachtanna in ábhair éagsúla. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

### ***Réamhrá***

Iar-bhunscoil Ghaeltachta, chomhoideachais, lán-Ghaeilge í Gairmscoil na bPiarsach atá suite in iarthar Ghaeltacht Chonamara. Feidhmíonn an scoil faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) na Gaillimhe agus Ros Comáin. Tá an scoil páirteach i bplean gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna um chuimsiú oideachais, Comhionannas Deiseanna san Scoileanna a Sheachadadh (CDSS). Tagann formhór mór na scoláirí ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga sa bhaile acu.

## **ACHOIMRE AR THÁTAIL AGUS MOLTAÍ D'FHORBAIRT BHREISE**

### ***Príomhthátail***

- Comhlíonann an bord bainistíochta a chuid dualgas go héifeachtach agus tá ról gníomhach aige i bhforbairt na scoile.
- Tugann an bhainistíocht shinsearach ceannaireacht an-mhaith do phobal na scoile agus tá fíis chinnte acu le haghaidh clár feabhsúcháin scoile.
- Ar an iomlán, níl scóip na bpost freagrachta ag freagairt do riachtanais reatha na scoile ná do thosaíochtaí feabhsúcháin.
- Is croí-láidreacht de chuid na scoile í dúthracht agus tiomantas na foirne agus tá spiorad deonach agus dea-thoil go láidir i measc na múinteoirí.
- Tá dul chun cinn an-mhaith déanta i réimsí tábhachtacha den phlean CDSS ach tá réimsí lánacha ina bhfuil gá fós le forbairt a dhéanamh: comhtháthú straitéisí litearthachta agus uimhearthachta ar fud an churaclaim agus gnóthachtáil na scoláirí a ardú.
- Bhain cáilíocht mhaith leis na pleananna ábhair agus clár den chuid is mó.
- Soláthraítear clár curaclaim leathan agus meáite go háirithe i gcomhthéacs mhéid na scoile chomh maith le réimse fairsing imeachtaí comh agus seach-churaclaim.
- Tugtar tús áite do chúram na scoláirí i measc phobal na scoile trí chéile.

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith nó go maith i bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh agus áiríodh gá le forbairt shuntasach i mionlach beag díobh.
- Tá tréithe na féinmheastóireachta le sonrú ar an obair atá déanta le cúig bliana anuas; léiríonn pobal na scoile go bhfuil cumas maith iontu chun próiseas feabhsúcháin na scoile a chur i gcrích.

### ***Moltaí d'Fhorbairt Bhreise***

- Faoi cheannaireacht an phríomhoide, ba cheart leas níos straitéisí a bhaint as an bpróiseas pleanála gníomhaíochta sé chéim chun clár feabhsúcháin na scoile a chur chun cinn, baineann sé seo leis na tosaíochtaí forbartha atá aitheanta sa phlean CDSS agus mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS).
- Moltar dualgais na bpost freagrachta a athbhreithniú chun go mbeadh na freagrachtaí agus riachtanais reatha na scoile ag teacht le chéile níos fearr agus ar mhaithe le forbairt straitéiseach na scoile.
- Moltar go ndíreodh an phleanáil CDSS, FMS agus an phleanáil ábhair ar mhéid áirithe straitéisí litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm tríd síos sa churaclam.
- Ba chóir an phleanáil forbartha do na hábhair agus cláir ag leibhéal roinne a fhorbairt trí na torthaí foghlama, na modheolaíochtaí, na hacmhainní, agus na modhanna measúnaithe a shainiú go soiléir.
- Is den riachtanas é anailís níos stóinsí a dhéanamh ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta ag leibhéal na ranna ábhair mar bhunús chun clár feabhsúcháin a aontú mar chuid den phlean CDSS.
- Is gá an cur chuige difreála agus an cleachtas maidir leis an bhfoghlaim chomhoibríoch a chothú agus a leathnú ar fud na n-ábhar.
- B'fhiú go mór dréachtpholasaí measúnaithe na scoile a athbhreithniú chun an cleachtas maidir leis an measúnú chun foghlama agus an obair bhaile a fhorbairt agus a fheabhsú.

## **1. CÁILÍOCHT BHAINISTÍOCHT AGUS CHEANNAIREACHT NA SCOILE**

### ***1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile***

Tá an bord bainistíochta reatha, atá i ndeireadh a théarma, bunaithe mar is cuí. Tá baill an bhoird fréamhaithe sa phobal agus tá saineolas acu ar fheidhmeanna bhord bainistíochta agus ar chúrsaí iar-bhunoideachais trí Ghaeilge go sonrach. Tá gach ball den bhord tar éis oiliúint a ghlacadh dá ról agus tionóladh cruinnithe boird go tráthrialta go dtí seo. Tá lántacaíocht tugtha ag an mbord do bhainistíocht shinsearach na scoile. Cuireann an BOO leibhéal an-mhaith tacaíochta ar fáil don scoil agus don oideachas trí mheán na Gaeilge. Ag am na meastóireachta, cé go raibh bord nua ceaptha níor tionóladh cruinniú den bhord nua ar chúiseanna nach raibh smacht ag an mbord orthu.

Tá réimse beartas glactha ag an mbord a chomhlíonann freagrachtaí na scoile. Tá timthriall athbhreithnithe ar pholasaithe leagtha amach agus déanann an bord athbhreithniú go rialta ar na beartais i gcomhpháirt le páirtithe eile na scoile. Ní raibh glactha go foirmiúil ag an

mbord leis an ráiteas sláinte agus sábháilteachta; moltar go láidir don bhord féachaint chuige seo gan mhoill.

Tá réimse leathan de thosaíochtaí forbartha aitheanta ag an mbord i gcomhairle leis an bhfoireann agus le comhpháirtithe eile. Ina measc sin tá forbairt infreastruchtúir na scoile, cúrsaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) san áireamh, teagasc agus foghlaim, an soláthar don churaclam, spriocanna an phlean CDSS 2014-17 agus an plean FMS 2014 a chur i gcrích.

Tá dul chun cinn an-mhaith déanta maidir le forbairtí infreastruchtúir agus ar mhaithe le clár feabhsúcháin scoile uile a aontú do na réimsí eile atá aitheanta. Ba cheart don bhord ord tábhachta a chur ar na tosaíochtaí agus guth phobal uile na scoile a chur san áireamh sa ghnó sin. Níor mhór an plean CDSS agus FMS a bheith níos straitéisí le spriocanna cinnte, gníomhaíochtaí aitheanta, maille le fráma ama chun aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas straitéiseach seo. Bheadh sé inmhianaithe tuairisc rialta ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta a bheith ar chlár chruinnithe na gcomhpháirtithe difriúla.

Tá cáilíocht na cumarsáide go han-mhaith i measc phobal na scoile. Soláthraíonn an bord tuairiscí aontaithe ar a gcruinnithe don fhoireann agus do choiste na dtuismitheoirí. Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí sa scoil agus tugtar éisteacht dóibh.

Chun barr feabhais a chur ar chúrsaí cumarsáide, déantar dhá mholadh. Faoi láthair ullmhaíonn an príomhoide tuairisc achomair bhliantúil don BOO ar fheidhmiú na scoile. Réimse chun forbartha is ea an tuairisc seo agus moltar tuairisc níos cuimsithí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird agus na comhpháirtithe eile. Moltar freisin socrúithe a dhéanamh chun cumarsáid bhreise a éascú idir na tuismitheoirí, na scoláirí, agus an bord, agus cruinniú foirmeálta a eagrú ó am go ham.

## ***1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim***

Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach as lámh a chéile agus tugann siad ceannaireacht an-mhaith don fhoireann teagasc agus do phobal na scoile i réimsí dá róil. Creideann siad beirt go láidir sa chomhpháirtíocht agus tá cur chuige daonlathach i leith na bainistíochta acu. Is é an toradh atá air seo ná go bhfuil an fhoireann tacúil dóibh agus iad ar fad gafa i soláthar oideachais trí Ghaeilge ar bhealach comhoibríoch a bhfuil rath air. Meastar gur baolach d'inmharthanacht ualach oibre an príomhoide sa bhfadtéarma, má leantar le cúrsaí mar atá. Moltar róil na bainistíochta sinsearaí a athbhreithniú chun roinnt cúraimí a tharmligean chuig an bpríomhoide tánaisteach agus chun inniúlacht i leith ceannaireacht scoile a chothú ar fud na scoile.

Is beirt mhúinteoirí le poist dualgais an chéad sraith eile sa bhainistíocht scoile, an fhoireann mheánbhainistíochta. Ar an iomlán, níl scóip na bpost freagrachta ag freagairt do riachtanais reatha na scoile ná do thosaíochtaí feabhsúcháin. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar na dualgais a bhaineann leis na poist fhreagrachta le bheith cinnte go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais reatha na scoile, ar nós na pleanála CDSS, FMS agus na pleanála ábhair. Níor mhór cruinniú foirmeálta rialta a thionól idir an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann mheánbhainistíochta, ní tharlaíonn an méid sin ach i gcás duine amháin i láthair na huaire. Moltar freisin cur chuige a cheapadh chun tuairisciú ar chomhlíonadh na bpost a chur os comhair an bhoird.

Toisc nach bhfuil ach beirt mhúinteoirí le poist fhreagrachta, braitheann cur i bhfeidhm mhórán dualgas ar fhéinspreagadh agus ar dhea-thoil na mball éagsúil de phobal na scoile uile. Is iomaí múinteoir a ghlacann cúraimí breise orthu féin, rud a thacaíonn le clár curaclaim leathan agus raon fairsing imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a

chur ar fáil, Cintíonn an tiomantas seo go gcuirtear oideachas iomlánaíoch ar scoláirí. Tugann an bhainistíocht agus na tuismitheoirí aitheantas ar an saothar seo ar fad.

Tacaíonn an bhainistíocht go láidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) na múinteoirí agus cuireadh cúrsaí FGL éagsúla ar fáil don fhoireann le roinnt blianta anuas. Moltar plean forbartha gairmiúil a chur le chéile do na blianta amach romhainn. Beidh an anailís ar láidreachtaí, deiseanna, dúshláin agus bagairtí (LDDB) atá déanta ag formhór na ranna ábhair cheana féin ina chéim thosaigh don obair seo.

Déantar plé cuimsitheach ar raon fairsing ábhar a bhaineann le saol na scoile ag cruinnithe foirne. Cuirtear moltaí chun feabhais a eascraíonn as an bplé seo i gcrích ar bhealach atá córasach agus tráthúil. Cláraítear go sonrach na cinntí a dhéantar chomh maith le mionsonraí ar nós daoine a ghlacann freagrachtaí orthu féin agus ar spriocdhátaí a aontaítear. Tá gá le breis béime a leagadh ar mhíreanna den phlean CDSS ag cruinnithe foirne agus straitéisí atá á gcur i bhfeidhm ar bhonn scoile uile don litearthacht, don uimhearthacht agus do ghnóthachtaí na scoláirí a ardú sa phlé. Níor mhór líon na straitéisí a roghnófar faoi na seacht dtéama CDSS a laghdú agus é seo a aontú mar fhoireann. B'fhiú iarracht a dhéanamh meascán cothrom de straitéisí scoile uile chomh maith le bearta in-ranga a aontú don litearthacht agus don uimhearthacht.

Is faoi stiúir an phríomhoide atá an phlean CDSS agus FMS. Is faoi phostshealbhóir atá comhordú Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS). Níor cuireadh phlean CSTS faoi bhráid na geigirí le linn na meastóireachta áfach, ná níl aon tagairt sa phlean CDSS agus FMS do phlean CSTS. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar na bearnaí seo agus an phlean CDSS agus an phlean CSTS a thabhairt le chéile. Is den riachtanas é struchtúr a cheapadh chun dul i ngleic leis na laigí reatha a bhaineann le monatóireacht an phróisis CDSS. B'fhiú go mór na ceachtanna ó thimthriall CDSS 2011-2014 a úsáid chun an próiseas straitéiseach sé chéim a leanúint ar bhealach níos pointeáilte don timthriall 2014-2017.

Bhí cáilíocht na bpleananna curaclaim sa réimse sin idir an-mhaith agus pleananna ar áiríodh níos mó láidreachtaí ná laigí orthu. I measc na dtréithe a bhain leis na samplaí den chleachtas ab fhearr bhí teimpléid chuimsitheacha forbartha, nótaí athmhachnaimh na múinteoirí, gníomhaíochtaí a bhí déanta bunaithe ar mholtaí ó thuairiscí cigireachta eile a bhain leis an scoil, taifead ar chúrsaí inseirbhíse, anailís ar thorthaí teistiméireachta, LDDB déanta agus phlean gníomhaíochta dá réir. Ba chóir na tréithe seo a bheith in úsáid i ngach phlean ábhair. Ba cheart na spriocanna scoile uile sa phlean CDSS a bheith mar chreat do na pleananna gníomhaíochta sna hábhair go léir.

Soláthraítear clár curaclaim leathan agus meáite, go háirithe i gcomhthéacs mhéid na scoile. Déantar gach iarracht chun freastal ar riachtanais na scoláirí agus is gnáth go n-éiríonn leis an scoil é seo a dhéanamh. Is tosaíocht de chuid na scoile é an ríomhfhoghlaim agus na féidearthachtaí atá ann an chianfhoghlaim a fhorbairt. Cuirtear spórt ar fáil ag am chorp oideachais agus moltar clár cuí corp oideachais a sholáthar do na scoláirí go léir. Moltar leis an soláthar don Bhéarla agus don Mhatamaitic sa timthriall sóisearach a athbhreithniú i gcomhthéacs treoirlínte mar atá leagtha amach in imlitreacha cuí.

Tá na nósanna imeachta chun tacú le bainistiú na scoláirí go han-mhaith. Tá cód iompair na scoile an-chuimsitheach agus an-soiléir le céimniú atreoraithe le haghaidh cúrsaí smachta leagtha amach ann. Tugadh suntas le linn na meastóireachta don dea-iompar i measc na scoláirí agus don ardchaighdeán líofachta sa Ghaeilge a bhí ag na scoláirí.

Déantar comhairle na scoláirí a thoghadh go daonlathach agus tá an chomhairle gníomhach i réimse d'imeachtaí scoile. Tá sé innholta go bhfuil an ceathrú brat glas bainte amach ag an scoil. Le dhá bhliain anuas, bronnar duais teanga agus chultúir 'Duais an Phiarsaigh' ar

scoláire i ngach bliain. Moltar tógáil ar an dea-chleachtas seo agus ról cheannaireachta na scoláirí i gcur chun cinn na Gaeilge a fhorbairt.

Déantar cúram an-mhaith de na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta (ROS). Tá córas comhordaithe curtha ar bun chun freastal ar na scoláirí i réimse ábhar. I measc na samplaí de chleachtas uileghabhálach an-mhaith atá in úsáid tá tástálacha agus atástálacha caighdeánaithe, pleananna oideachasúla aonair á gcur i bhfeidhm, treoir sa tacaíocht foghlama agus acmhainne curtha ar an bhfoireann ar fad agus tá tús curtha leis an teagasc foirne.

Moltar torthaí na n-atástálacha caighdeánaithe a úsáid chun na straitéisí scoile uile don litearthacht a leasú agus chun straitéisí uimhearthachta a fhorbairt. Chuirfeadh níos mó ná cruinniú foirmeálta amháin in aghaidh an téarma leis an bpróiseas seo. B'fhiú go mór pacáiste bogearraí a bheith ar tháibléid na scoláirí agus ar ríomhairí na scoile féin mar theca lena gcumas litearthachta a fheabhsú. Déantar mar mholadh freisin tuilleadh forbartha ar an mbuíontegasc agus ról na gcúntóirí riachtanas speisialta a shainiú sa phleanáil do ROS.

Is croí-láidreacht de chuid na scoile é an t-atmaisféar muinteartha atá i measc phobal na scoile. Tá tacaíocht láidir air sin sna freagraí ar na ceistneoirí. Tá sé le moladh go bhfuil comhthuiscint ann gurb í inniúlacht gach páiste san fhoghlaim a aithint agus a fhorbairt i dtimpeallacht foghlama sona is cás leis an scoil de bhreis ar an ngnóthachtáil acadúil amháin.

Tá na socrúithe aistrithe scoile ón mbunscoil go han-mhaith. Tá foireann chúraim shainiúil ceaptha agus tá dea-struchtúir ann chun tacaíochtaí a sholáthar do riachtanais chúraim na scoláirí, lena áirítear an tseachtain feasachta cairdis, bosca moltaí na scoláirí agus tá gníomhaí frith-bhulaíochta ainmnithe. Tugann an Clár Críochnú Scoile agus an t-oifigeach teagmhála baile is scoile agus pobail tacaíocht lárnach d'oideachas phobal iomlán na scoile. Tá scóip ann chun bonn foirmiúil a chur faoin gcoiste cúraim ag teacht le treoirlínte Foirne Tacaíochta Scoláirí Iar-bhunscoileanna 2014.

Tá an plean agus an cleachtas maidir le Treoir go han-mhaith agus tá an an soláthar maidir le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) go maith, agus ag freastal ar riachtanais na scoláirí.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

## 1.2 **Bainistíocht ar áiseanna**

Déantar bainistíocht an-mhaith ar áiseanna na scoile agus ar a gcothabháil. Ag am na meastóireachta bhí ceithre sheomra ranga nua á dtógáil agus bhí an phleanáil déanta chun foirgneamh iomlán na scoile a insliú. Tá grianghraif ar imeachtaí scoile agus ar ghnóthachtálacha na scoláirí ar taispeáint ar phasáistí na scoile.

Tá forbairtí suntasacha déanta ar sholáthar agus ar úsáid acmhainní TFC mar mheán cumarsáide agus mar uirlis chun tacú leis an bhfoghlaim. Tá sé mar cheann de thosaíochtaí forbartha gearrthréimhseacha TFC na scoile córas néalríomhaoireachta a fhorbairt. Moltar plean ríomhfhoghlama foirmiúil a fhorbairt chun obair sa réimse seo de shaol na scoile a bhainistiú don todhchaí. B'fhiú go mór aghaidh a thabhairt sa phlean seo ar na deacrachtaí a bhaineann le ríomhairí na scoláirí a bheith briste le tamall de sheachtainí nó de mhíonna.

## 2. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

### 2.1 Cáilíocht na foghlama agus an teagaisc

Breathnaíodh sé cinn déag de cheachtanna in imeacht na meastóireachta le naonúr déag múinteoirí, an fhoireann teagaisc ar fad nach mór. Bhí idirchaidreamh dearfach idir na múinteoirí agus na scoláirí sna ranganna go léir.

I mbeagnach gach cás de na ceachtanna a breathnaíodh bhain láidreachtaí leis na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama agus áiríodh an teagasc agus an fhoghlaim a bheith ar ardcháilíocht i leath de na ranganna. I gcás an bheagáin áiríodh laigí ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus bhí scóip chun forbartha.

Ullmhaíodh go maith do na ceachtanna go léir agus sna ceachtanna ab fhearr réitíodh acmhainní maithe, acmhainní TFC san áireamh, mar thaca éifeachtach don teagasc agus don fhoghlaim. Bhain dea-cháilíocht nó ardcháilíocht leis an bpleanáil ghearrthréimhseach i dtromlach na gceachtanna ach i gcásanna áirithe bhí gá leis na spriocanna foghlama a shainiú ar bhealach níos pointeáilte. Sna ceachtanna ab éifeachtaí, bhí an struchtúr an-mhaith agus bhain luas fiúntach leis an obair, roinneadh na torthaí foghlama leis na scoláirí agus athbhreithníodh iad roimh dheireadh an cheachta.

I gcás roinnt bheag de na ceachtanna níor fágadh am ag deireadh an ranga chun súil siar a chaitheamh ar obair an cheachta agus chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna foghlama nó rinne an múinteoir féin achoimre ar ábhar an cheachta. Luaitear mar mholadh machnamh a dhéanamh ar an gcúis a dhéantar seisiún fáisnéise a éascú leis na scoláirí mar chuid lárnach de gach ceacht.

B'fhearr an cleachtas sna ceachtanna sin inar cruthaíodh deiseanna éagsúla ar an bhfoghlaim ghníomhach trí cheistiúchán, obair ghrúpa agus scileanna praiticiúla a chleachtadh. Sna ceachtanna seo baineadh úsáid as raon oiriúnach de cheisteanna inar léir scileanna difreála, rinne na múinteoirí scafall maith ar riachtanais na bhfoghlaimoirí le linn na hoibre tascbhunaithe agus bhí teoracha agus míniúcháin an mhúinteora soiléir.

Moltar an cur chuige difreála a fhorbairt ar fud an churaclaim i gcur i láthair an ábhair, sna gníomhaíochtaí ranga agus sna tascanna iarfhoghlama. B'fhiú go mór, fad a bhíonn obair ghrúpa ar bun, na scoláirí a chumasú chun spriocanna foghlama cinnte a bhaint amach, ról éagsúla a bheith ag baill an ghrúpa, agus seans a thabhairt do na grúpaí a gcuid foghlama a chur i láthair a gcomhscoláirí.

Bhí béim ar an litearthacht in os cionn leath de na ranganna a breathnaíodh ach straitéis na n-eocharfhocail ba mhó a bhí in úsáid. Ba i líon beag cásanna a breathnaíodh obair a bhí dírithe ar fhorbairt scileanna uimhearthachta na scoláirí. Is den riachtanas é go ndéanfaí breis forbartha ar bhonn scoile uile ar na straitéisí a úsáidfear chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí a fheabhsú, ag tacú leis na spriocanna atá leagtha amach sa phlean CDSS agus FMS.

Tugadh obair bhaile agus breacadh an tasc sin sna dialanna obair bhaile i mórán gach ceacht a breathnaíodh. Ba léir ó athbhreithniú ar shampla de dhialanna obair bhaile a bailíodh go randamach nach nós rialta é seo. Léirigh suirbhé a rinneadh i measc na múinteoirí mar chuid den phróiseas FMS gurb é an luí atá i measc scoláirí gan obair bhaile a dhéanamh an rud ba mhó a chuireann isteach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

Bheadh sé tairbheach mar sin d'fhoghlaim scoláirí, ionchais obair bhaile a phlé ag leibhéal na ranna ábhair agus ag leibhéal na scoile uile. Ní foláir freisin, ag leibhéal foirne, córas a cheapadh chun bainistiú níos seiftiúla a dhéanamh ar na dialanna obair bhaile sa scoil.

B'fhiú go mór na cinntí a éireoidh as an bplé seo a shainiú sa pholasáí measúnaithe, a bhí á dréachtú ag am na meastóireachta.

Déantar monatóireacht agus measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn agus inniúlacht na scoláirí le raon modhanna measúnaithe i bhformhór na gceachtanna ach léirigh samplaí d'obair na scoláirí freisin gur fíor-annamh a dhéantar an obair a cheartú ar bhealach a bheadh cabhrach don fhoghlaim. Rinneadh moltaí ar an ábhar seo i dtuairiscí cigireachta a eisíodh chuig an scoil cheana.

Tá na múinteoirí bunaithe sna seomraí ranga agus bhí timpeallacht foghlama cruthaithe i bhformhór na seomraí ranga a bhí tarraingteach; tá scóip shuntasach chun forbartha i mionlach eile.

Cé go bhfuil roinnt anailíse á déanamh ar thorthaí scrúduithe teistiméireachta, tá gá le hanailís níos stóinsí a dhéanamh agus clár feabhsúcháin a fhorbairt bunaithe air seo. Beidh sé riachtanach straitéisí scoile uile a aontú, laistigh den chreat CDSS, chun rátaí rannpháirtíochta agus torthaí na scoláirí san ardeibhéal sna hábhair don Teastas Sóisearach a ardú mar chéim thosaigh le gnóthachtáil ag leibhéal na hArdteistiméireachta a fheabhsú.

### **3. CUR I BHFEIDHM MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ A RINNEADH ROIMHE SEO**

#### ***3.1 Bainistíocht***

Rinneadh dhá mholadh cheana ag leibhéal na bainistíochta a bhain le measúnú sa dá chás. Tá roinnt dul chun cinn déanta chun réimse níos mó modhanna measúnaithe a fhorbairt agus tosaíodh ar pholasáí measúnaithe a dhréachtú i mbliana. Mhol an tuairisc ar eacnamaíocht bhaile go leanfadh an scoil lena cuid iarrachtaí le tacú leis na scoláirí a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá polasáí Gaeilge na scoile soiléir gurb í an Ghaeilge an teanga ina ndéantar scrúduithe. Ní raibh dóthain fianaise le léamh in obair na scoláirí gurb amhlaidh atá. Is faoin scoil atá sé an polasáí atá aontaithe agus glactha ag pobal na scoile a chur i gcrích mar chleachtas.

Tá an moladh a rinneadh faoin bpleanáil sa tuairisc ar staidéar foirgníochta agus teicneolaíocht ábhar (adhmaid) fós le feidhmiú.

#### ***3.2 Foghlaim agus teagasc***

Cé go raibh dul chun cinn le sonrú i bhforfheidhmiú na moltaí a rinneadh sna ceithre thuairisc chigireachta a eisíodh chuig an scoil go dáta, tá scóip ann i gcónaí le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige difreála agus ar theicnící a chuirfeadh le rannpháirtíocht na scoláirí sa teagasc agus san fhoghlaim.

### **4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE**

Tá tréithe na féinmheastóireachta le sonrú ar an obair atá déanta sa scoil le cúig bliana anuas. Tá gá áfach le próiseas na pleanála forbartha scoile a chur ar bhonn níos foirmiúla. Moltar cur chuige níos straitéisí agus níos forchéimnithí a fhorbairt, ag teacht leis na treoirlínte ar an bhféinmheastóireacht scoile. Thacódh sé go mór leis an bpróiseas straitéiseach seo ach struchtúir a cheapadh chun rannpháirtíocht chomhoibríoch gach ball foirne a éascú faoi stiúir na bainistíochta sinsearaí.



Tá bainistíocht agus foireann na scoile tiomanta d'acmhainn oideachasúil agus pearsanta na scoláirí a fhorbairt agus léiríonn pobal na scoile go bhfuil cumas maith iontu chun próiseas feabhsúcháin na scoile a chur chun cinn agus moltaí na tuairisce seo a chur i gcrích.